LOBBYING.ie

An Clár Brústocaireachta

Register of Lobbying

# *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*: Treoir do Bhaill d'Údaráis Áitiúla

Arna hAthbhreithniú in Eanáir 2016

# Clár Ábhar

Réamhrá ....................................................................................................... 3
Cuspóirí an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 ........................................................ 3
An Ról Lárnach a bhíonn ag an mBrústocaireacht i dTír Dhaonlathach Rathúil ....................... 3
Cad is Brústocaireacht ann? .............................................................................................. 4
Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe (na daoine a ndéantar brústocaireacht orthu)? ............ 6
Liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a Fhoilsiú ..................................................................... 6
Oscailteacht agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe á nAithint ........................................................ 6
Cad is "ní iomchuí" ann? ................................................................................................... 7
Cé na "cumarsáidí eiscthe/díolmhaithe"? .............................................................................. 7
Forbairt Talún agus Criosú Talún ........................................................................................ 8
*Cód Trédhearcachta* do "chomhlacht iomchuí" (grúpaí oibre, etc.) ......................................... 8
Cruinneas an Chláir a Sheiceáil ............................................................................................ 9
Tréimhse Mharana ............................................................................................................ 10
Iar-Oifigigh Phoiblí nó Oifigigh Phoiblí Reatha atá Fostaithe ag Brústocaire nó atá ag cur Seirbhísí ar fáil do Bhrústocaire ............................................................................................ 10
Cúnamh maidir leis an *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* a Chur Chun Feidhme ............ 11
Eochairphointí le cuimhneamh orthu .................................................................................. 11
Tuilleadh Faisnéise ............................................................................................................ 12
Aguisín: Dea-Chleachtais do Bhaill d'Údaráis Áitiúla ............................................................ 13

# Réamhrá

Síníodh an *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* (uimh. 5 de 2015) (an tAcht) isteach sa dlí i mí an Mhárta 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015.

Is Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad Baill d'Údaráis Áitiúla (féach leathanach 3 le haghaidh míniú a fháil ar cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe). **Ní cheanglaítear ar Bhaill d'Údaráis Áitiúla clárú ná tuairisceán a chur isteach nuair atá brústocaireacht á déanamh orthu.** Agus brústocaireacht á déanamh orthu, ní mór do na brústocairí tuairisc a thabhairt ar a gcuid idirghníomhaíochtaí de réir *an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015*. Dréachtaíodh na treoirlínte sin chun a chinntiú go dtuigeann Baill d'Údaráis Áitiúla an dóigh a n-oibríonn an córas, an ról a bhíonn acu ann agus an pháirt a bhíonn acu i dtacú le cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta.

# Cuspóirí an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Is é aidhm an Achta faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi na nithe seo:

- Cé atá ag déanamh brústocaireachta;
- Cé ar a shon a bhfuil brústocaireacht á déanamh;
- Cé na saincheisteanna atá i gceist sa bhrústocaireacht;
- Cad is aidhm don bhrústocaireacht a bhaint amach;
- Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air.

Foráiltear na nithe seo leis an Acht:

- Clár brústocaireachta a bhfuil rochtain ag an bpobal air a bhunú agus a choimeád ar bun;
- Oibleagáidí ar bhrústocairí clárú agus faisnéis a chur ar fáil go rialta faoina ngníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear faisnéis faoina gcliaint i gcás brústocairí gairmiúla;
- Tréimhse "mharana" a thabhairt isteach nach bhféadfaidh roinnt iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe gníomhaíocht brústocaireachta a dhéanamh lena linn. **Níl feidhm ag an bhforáil sin le Baill d'Údaráis Áitiúla;** agus
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) a bheith ar an rialálaí brústocaireachta.

# An Ról Lárnach a bhíonn ag an mBrústocaireacht i dTír Dhaonlathach Rathúil

Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht. Eagraíochtaí amhail grúpaí sainleasa, comhlachtaí ionadaíocha, eagraíochtaí tionscail, eagraíochtaí neamhrialtasacha, carthanais agus brústocairí gairmiúla tríú páirtí, cuireann siad go léir ionchur agus aiseolas riachtanach ar fáil trína gcuid tuairimí agus buarthaí a chur in iúl don rialtas.

Gné dhearfach riachtanach d'fhorbairt beartais is ea an caidreamh sin. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí, d'oifigigh phoiblí, do TDanna, do Sheanadóirí, do Bhaill d'Údaráis Áitiúla agus d'oifigigh thofa eile leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag spreagadh na gcumarsáidí sin go gníomhach a mhéid is féidir.

Níl sé mar aidhm ag an Acht gníomhaíocht brústocaireachta a chosc ná a thoirmeasc. Tá sé mar chuspóir aige an próiseas a dhéanamh níos trédhearcaí agus é ag tacú le caidreamh idir comhlachtaí poiblí, oifigigh phoiblí agus oifigigh thofa agus gach eagraíocht is geallsealbhóir. Tá sé tábhachtach nach bhfuil agus nach meastar go bhfuil tionchar diúltach ar iarratas ná ar bhreithniú a dhéanann duine ar 'ní iomchuí' ag clárú ar an suíomh Gréasáin brústocaireachta ná ag páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht brústocaireachta.

Ar ndóigh, d'fhéadfadh go mbeadh rialacha i bhfeidhm cheana féin maidir le cúrsaí ábhartha mar a bhfuil an bhrústocaireacht míchuí agus mar a bhféadfadh sí duine a dhícháiliú óna bhreithniú. Sna cásanna sin, ní athraítear na socruithe reatha leis an Acht ach tugtar soiléiriú leis ar na cumarsáidí sin más rud é gurb ionann iad agus 'nithe iomchuí' de réir an tsainmhínithe atá san Acht.

## Cad is Brústocaireacht ann?

Chun críocha an Achta, beidh daoine ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta má chomhlíonann siad gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

1. Tá siad ag déanamh cumarsáid go díreach nó go hindíreach le "hOifigeach Poiblí Ainmnithe"; agus
2. Baineann an chumarsáid sin le "ní iomchuí"; agus
3. Ní díolmhaithe go sonrach atá an chumarsáid sin; agus
4. Tá siad ar cheann amháin díobh seo:
   - **Fostóir ag a bhfuil níos mó ná 10 fostaithe** sa chás go ndéantar na cumarsáidí thar cheann an fhostóra;
   - **Comhlacht ionadaíoch** ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad atá ag déanamh cumarsáid thar ceann a bhall agus is fostaí íoctha nó sealbhóir oifige íoctha an chomhlachta a dhéanann an chumarsáid;
   - **Comhlacht tathanta** ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad atá ann go príomha chun tabhairt faoi shaincheisteanna ar leith agus is fostaí íoctha nó sealbhóir oifige íoctha an chomhlachta atá ag déanamh cumarsáid ar na saincheisteanna sin;
   - **Brústocaire gairmiúil** atá ag fáil íocaíochta chun cumarsáid a dhéanamh thar ceann cliaint (sa chás gurb é atá sa chliant ná fostóir ag a bhfuil 10 fostaithe lánaimseartha nó comhlacht ionadaíoch nó comhlacht tathanta ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin ar a laghad);
   - **Duine ar bith atá ag déanamh cumarsáid ar fhorbairt talún nó ar chriosú talún**. Forbraíodh **treoirlínte ar leith** maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a bhaineann le **forbairt talún nó le criosú talún** agus tá siad ar fáil ar líne ag www.lobbying.ie.

Is fiú a thabhairt faoi deara nach meastar, chun críocha an Achta, gur brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide. Tá roinnt díolúintí ann freisin. Ní mheastar gur brústocaireacht atá i gcumarsáid ach amháin má chomhlíonann an chumarsáid na critéir thuas. Go háirithe, beidh méid suntasach **cumarsáidí clinic ó bhall d'údarás áitiúil** díolmhaithe sa chás go mbaineann an t-ábhar le gnóthaí pearsanta duine nó sa chás gur cumarsáidí iad a sheolann micreaghnóthas ag a bhfuil níos lú ná 10 fostaithe. Tá tuilleadh faisnéise faoina meastar a bheith ina ní iomchuí le fáil ina dhiaidh seo.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin nach i suíomh foirmiúil ná trí mhodhanna foirmiúla a úsáid a dhéantar gach cineál brústocaireachta. Cé go ndéantar cuid mhór brústocaireachta trí chruinnithe duine le duine, trí ghlaonna teileafóin nó trí ríomhphoist, déantar brústocaireacht ar bhealaí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna. Áirítear leo sin comhráite neamhfhoirmiúla, tóstail shóisialta, agus na meáin shóisialta, fiú. Má chomhlíonann an chumarsáid na critéir thuas, measfar gur brústocaireacht atá inti agus ní mór í a thuairisciú dá bharr sin.

# Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe (na daoine a ndéantar brústocaireacht orthu)?

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht:

- Airí agus Airí Stáit
- TDanna agus Seanadóirí
- FPEnna do thoghcheantair Éireannacha
- **Baill d'údaráis áitiúla**
- Comhairleoirí Speisialta d'Airí agus d'Airí Stáit a ceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997
- Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí mar atá forordaithe
- Catagóirí eile daoine mar atá forordaithe

Maidir leis an **Státseirbhís**, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rialacháin ina soláthraítear sonraí faoi na poist atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe chun críocha an Achta. Is forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe atá fostaí sa tseirbhís phoiblí ar Ard-Rúnaí, Rúnaí Tánaisteach, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóir é i gcomhlacht seirbhíse poiblí atá sonraithe i Sceideal I de na Rialacháin.

I dtaca le **húdaráis áitiúla**, foráiltear leis na Rialacháin go bhfuil na daoine atá i mbun na bpost seo a leanas in údaráis áitiúla forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe:

- Príomhfheidhmeannaigh agus gráid choibhéiseacha
- An Príomhfheidhmeannach Cúnta (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Stiúrthóirí Seirbhísí
- Cinn Airgeadais
- An Ceann Acmhainní Daonna (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)

Tá sonraí iomlána faoi na poist thuas atá forordaithe sna Rialacháin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.lobbying.ie. Féadfar an liosta post atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a leathnú le hOrdú ón Aire chuig catagóirí eile le himeacht ama.

# Liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a Fhoilsiú

Ní mór do chomhlachtaí poiblí, Údaráis Áitiúla san áireamh, liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe laistigh dá gcuid eagraíochtaí a fhoilsiú ar shuíomhanna Gréasáin a n-eagraíochta aonair. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí ball foirne a ainmniú a bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil a dhéanamh leis maidir le coinneáil a liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe.

# Oscailteacht agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe á nAithint

Ba cheart d'oifigigh thofa bheith réamhghníomhach maidir lena chur in iúl do bhrústocairí féideartha go bhfuil Oifigeach Poiblí Ainmnithe ionat agus tú ag freastal ar chruinniú, ag glacadh páirt i nglao comhdhála etc. D'fhéadfadh sé sin bheith úsáideach go háirithe i gcruinnithe mar a bhfuil líon mór daoine, oifigigh thofa san áireamh, i láthair agus mar nach bhféadfadh na daoine sin den lucht freastail ón earnáil phríobháideach nach bhfuil fostaithe sa tseirbhís phoiblí bheith eolach ar aitheantas agus ar stádas gach duine.

Modh eile den chineál sin trína bhféadfadh Oifigeach Poiblí Ainmnithe bheith réamhghníomhach ba ea líne a chur san áireamh ina shíniú ríomhphoist lena luaitear:

***Oifigeach Poiblí Ainmnithe faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.* Féach www.lobbying.ie.**

## Cad is "ní iomchuí" ann?

Is é is ní iomchuí ann ná ní a bhaineann leis na nithe seo:

- Tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí;
- Ullmhú nó leasú aon dlí (lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach amhail ionstraimí reachtúla agus fodhlíthe);
- Dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó aon chomhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena mbaineann cistí poiblí;

**seachas** cur chun feidhme aon bheartais, chláir, achtaithe, dámhachtana nó ní ag a bhfuil cineál teicniúil amháin.

## Cé na "cumarsáidí eiscthe/díolmhaithe"?

"Cumarsáidí Eiscthe nó Díolmhaithe" atá sna nithe seo a leanas agus, dá bhrí sin, ní mheastar iad a bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta:

- Gnóthaí príobháideacha: Cumarsáidí a dhéanann duine aonair nó a dhéantar thar ceann duine aonair a bhaineann lena ghnóthaí príobháideacha féin maidir le ní ar bith seachas forbairt nó criosú aon talún. Fágfaidh an díolúine sin go mbeidh méid suntasach cumarsáidí ó oifigí toghlaigh díolmhaithe sa chás go mbaineann an t-ábhar le gnóthaí pearsanta duine nó sa chás gur cumarsáidí iad a sheolann micreaghnóthas ag a bhfuil níos lú ná 10 fostaithe.
- Caidreamh taidhleoireachta: Cumarsáidí a dhéanann tír iasachta nó críoch iasachta, an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe nó eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile nó a dhéantar thar a gceann.
- Faisnéis fhíorasach: Cumarsáidí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena gcuirtear faisnéis fhíorasach

ar fáil mar fhreagairt d'iarraidh ar an bhfaisnéis.

- Aighneachtaí foilsithe: Cumarsáidí a iarrann agus a fhoilsíonn comhlacht seirbhíse poiblí.
- Caibidlíocht cheardchumainn: Cumarsáidí atá ina gcuid de chaibidlíocht nó atá bainteach go díreach le caibidlíocht maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar thug ionadaithe de cheardchumann fúithi thar ceann a chuid ball.
- Sábháilteacht phoiblí agus slándáil náisiúnta: Cumarsáidí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shábháilteacht aon duine nó ar shlándáil an Stáit dá nochtfaí iad.
- Coistí Oireachtais: Cumarsáidí a dhéantar in imeachtaí de chuid coiste de cheachtar Teach den Oireachtas.
- Cumarsáidí a dhéanann Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó fostaithe sa tseirbhís phoiblí: Cumarsáidí a dhéanann Oifigeach Poiblí Ainmnithe sa cháil sin; Cumarsáidí a dhéanann fostaithe sa tseirbhís phoiblí (nó na daoine sin atá fostaithe ar conradh ag comhlacht seirbhíse poiblí) sa cháil sin agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhíse poiblí.
- Rialachas comhlachtaí Stáit Tráchtála: Cumarsáidí a dhéanann comhlacht stáit tráchtála nó a dhéantar thar a cheann chuig Aire ag a bhfuil scaireanna sa chomhlacht nó ag a bhfuil feidhmeanna reachtúla i dtaca leis an gcomhlacht nó chuig Oifigigh Phoiblí Ainmnithe atá ar obair i roinn an Aire agus a dhéantar i ngnáthchúrsa gnó an chomhlachta.
- Grúpaí oibre beartais: Cumarsáidí idir baill de chomhlacht ar cheap Aire nó comhlacht seirbhíse poiblí é chun críche athbhreithniú, measúnú nó anailís a dhéanamh ar aon saincheist bheartais phoiblí d'fhonn tuairisc a thabhairt uirthi don Aire nó don chomhlacht seirbhíse poiblí. Níl feidhm ag an eisceacht sin ach amháin sa chás gur "comhlacht iomchuí" é an comhlacht agus go gcloíonn sé leis an gCód Trédhearcachta ar bhunaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é (féach thíos).

## Forbairt Talún agus Criosú Talún

Forbraíodh **treoirlínte ar leith** maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a bhaineann le **forbairt talún nó le criosú talún** agus tá siad sin ar fáil ar líne ag www.lobbying.ie.

## *Cód Trédhearcachta* do "chomhlacht iomchuí" (grúpaí oibre, etc.)

Gné riachtanach de cheapadh beartais phoiblí is ea fáil a bheith ar Airí agus ar Chomhlachtaí Poiblí ag a bhfuil saineolas, scileanna agus eolas de chuid daoine lasmuigh den tseirbhís phoiblí. Is minic a chuirtear an próiseas sin ar bhonn foirmiúil ach tascfhórsa, grúpa oibre, etc., a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheist bheartais ar leith nó ar shraith ar leith saincheisteanna gaolmhara. Bíonn grúpaí den sórt sin ionadaíoch do gheallsealbhóirí tábhachtacha agus is saineolaithe iad ar na hábhair lena mbaineann.

Mar gheall ar an gcineál rannpháirtíochta difriúil idir oifigigh phoiblí agus daoine nach fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad sa chineál fóraim sin, ní hé is aidhm leis an Acht na hidirghníomhaíochtaí sin a chlárú mar chumarsáidí brústocaireachta i gcásanna ina bhfuil socruithe trédhearcachta cuí i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, foráiltear leis an Acht d'eisceacht ón gceanglas chun clárú a dhéanamh i gcásanna den sórt sin a luaithe atá feidhm ag critéir thrédhearcachta shonraithe. Baineann an eisceacht ar leith san Acht le cumarsáidí idir baill de chineálacha áirithe de ghrúpaí oibre, de thascfhórsaí, de choistí, etc. i gcásanna ina gcloíonn an grúpa atá i gceist leis an g*Cód Trédhearcachta* ar bhunaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é. Sainmhínítear grúpaí den sórt sin mar "chomhlacht iomchuí" san Acht. Tá cóip den Chód ar fáil ar líne lena léamh ag https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-public-bodies/transparency-code/.

I gcás Grúpaí Oibre Beartais, níl feidhm ag an eisceacht ach amháin le "comhlacht iomchuí" mar atá sainmhínithe san Acht. D'fhonn go measfar gur comhlacht iomchuí é, ní mór don ghrúpa na ceithre choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Tá an grúpa curtha ar bun ag Aire nó ag comhlacht seirbhíse poiblí[1], agus
2. Tá ballraíocht an ghrúpa comhdhéanta d'Oifigeach Poiblí Ainmnithe[2] amháin ar a laghad agus de dhuine amháin ar a laghad nach bhfuil fostaithe ná ar conradh ag comhlacht seirbhíse poiblí, agus
3. Tá athbhreithniú, measúnú nó anailís á ndéanamh ag an ngrúpa ar aon saincheist bheartais phoiblí d'fhonn tuairisc a thabhairt uirthi don Aire Rialtais nó don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus
4. Cuireann an grúpa a chuid gníomhaíochtaí i gcrích de réir na gcritéar atá leagtha amach sa *Chód Trédhearcachta* (féach thíos).

## Cruinneas an Chláir a Sheiceáil

Moltar d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe an clár brústocaireachta a sheiceáil ar bhonn tréimhsiúil chun a chinntiú go bhfuil a n-ainm bainteach leis na gníomhaíochtaí brústocaireachta cearta agus gur ceart go fíorasach atá an fhaisnéis. Tá sé de cheart ag daoine iarraidh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faisnéis a cheartú i gcásanna ina bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfágann an fhíric go bhfuil ainm an Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le feiceáil ar thuairisceán brústocaireachta go gcomhaontaíonn sé le seasamh an duine atá ag déanamh brústocaireachta air. Aon duine a théann i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta,

[1] Sainmhínítear comhlacht seirbhíse poiblí in alt 7 den *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*.

[2] Sainmhínítear Oifigeach Poiblí Ainmnithe in alt 6 den *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*.

féadfaidh sé déanamh amhlaidh ar roinnt bealaí: trí ríomhphoist, trí ghlaonna teileafóin, trí aighneachtaí scríofa, trí chruinnithe, etc. Is féidir roinnt de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i bhfoirm mórchumarsáidí (mar shampla, ríomhphost a chur chuig gach comhalta den Oireachtas). Is féidir gníomhaíochtaí eile a bheith níos spriocdhírithe (mar shampla, cruinniú le hOifigeach Poiblí Ainmnithe ar leith).

Tá sé de fhreagracht ar oifigigh phoiblí raon tuairimí ar bheartas poiblí a iarraidh agus a chloisteáil, agus is cuid den phróiseas sin atá i dteacht le chéile le heagraíochtaí nó le daoine a d'fhéadfadh féachaint le brústocaireacht a dhéanamh orthu.  Sa chás go bhfuil ainm Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le feiceáil ar thuairisceán brústocaireachta, ní thugann sé sin le fios ach go ndearnadh brústocaireacht ar an Oifigeach Poiblí Ainmnithe ar ábhar ar leith. Ní thugann sé le tuiscint go n-aontaíonn an tOifigeach Poiblí Ainmnithe lena mbaineann le seasamh an bhrústocaire agus níor cheart é a léirmhíniú ar an mbealach sin.

## Tréimhse Mharana

Foráiltear leis an Acht go bhfuil srian ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe áirithe dul i mbun brústocaireachta i gcásanna áirithe ar feadh bliana tar éis dóibh a bpost nó a n-oifig a fhágáil. Is é sin le rá, tá siad faoi réir tréimhse "mharana" i dtaca le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí brústocaireachta áirithe.

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe lena mbaineann: Airí agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta d'Airí agus d'Airí Stáit agus fostaithe fhorordaithe sa tseirbhís phoiblí (Alt 22(2)).

**Daoine eile ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad chun críocha na gceanglas um chlárú brústocaireachta - is iad sin, TDanna agus Seanadóirí (nach Airí ná Airí Stáit iad), FPEnna agus baill d'údaráis áitiúla - ní chuimsítear iad leis an bhforáil sin.**

Féadfaidh Oifigigh Phoiblí Ainmnithe atá faoi réir na forála sin iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ar thoiliú leis na srianta sin a tharscaoileadh ar feadh na tréimhse iomchuí ar fad nó ar feadh cuid di. Féadfaidh an Coimisiún toiliú a dheonú, coinníollacha áirithe a fhorchur nó toiliú a dhiúltú. Féadfaidh oifigeach poiblí nach bhfuil sásta leis an gcinneadh achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún um Chaighdeáin chuig Oifigeach Achomhairc Neamhspleách.

## Iar-Oifigigh Phoiblí nó Oifigigh Phoiblí Reatha atá Fostaithe ag Brústocaire nó atá ag cur Seirbhísí ar fáil do Bhrústocaire

Ceanglaítear leis an Acht nach mór daoine aonair atá i mbun gníomhaíocht brústocaireachta thar ceann brústocaire agus a bhí ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe ag aon am ar bith a bheith ainmnithe i dtuairisceáin ar an gClár Brústocaireachta.

Más rud é go bhfuil nó go raibh tú i d'Oifigeach Poiblí Ainmnithe (roimh rith an Achta nó ina dhiaidh), agus

- go bhfuil tú fostaithe ag brústocaire nó ag cur seirbhísí ar fáil do bhrústocaire, agus
- go raibh tú i mbun cumarsáidí brústocaireachta le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí,

ceanglaítear le hAlt 12 den Acht nach mór d'ainm a bheith ar áireamh i dtuairisceán ón mbrústocaire don tréimhse sin. Beidh d'ainm le feiceáil ar an gClár Brústocaireachta dá bharr sin.

## Cúnamh maidir leis an *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* a Chur Chun Feidhme

Moltar duit eolas a chur ar an Acht agus ar na treoirlínte seo le go mbeidh tú in ann daoine atá i mbun brústocaireachta a threorú chuig áiteanna inar féidir leo tuilleadh faisnéise faoin Acht a fháil, má iarrtar ort déanamh amhlaidh.

## Eochairphointí le cuimhneamh orthu

- Cuid dhlisteanach bhailí de do ról is ea bualadh le brústocairí.
- Tá sé tábhachtach go ndéantar gníomhaíochtaí brústocaireachta ar bhealach oscailte trédhearcach.
- Is ar an duine atá ag déanamh brústocaireachta agus ní ortsa atá an oibleagáid clárú agus tuairisceáin a chur isteach.
- Ní mheastar faoin Acht gur brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide.
- Ní i suíomh foirmiúil a dhéantar gach cineál brústocaireachta. D'fhéadfadh go n-úsáidfí comhráite neamhfhoirmiúla, timpeallachtaí sóisialta agus na meáin shóisialta fiú chun brústocaireacht a dhéanamh ort.
- Is díolmhaithe atá cumarsáidí idir tú féin (i do cháil mar bhall d'údarás áitiúil) agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe eile nó fostaithe eile sa tseirbhís phoiblí.
- Is díolmhaithe atá tascfhórsaí agus grúpaí oibre áirithe, fiú má chloíonn siad leis an gCód Trédhearcachta.
- Beidh ainm na nOifigeach Poiblí Ainmnithe le feiceáil ar an gClár Brústocaireachta mar thoradh ar chumarsáid brústocaireachta. Ní thugann sé sin le tuiscint go bhfuiltear ag comhaontú nó ag glacadh le tuairimí an duine atá ag déanamh brústocaireacht ort.
- Tá an ceart agat chun a iarraidh go gceartófar aon fhaisnéis mhíchruinn.

# Tuilleadh Faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* ar fáil ag www.lobbying.ie.

Aon chomhlacht poiblí nó aon Oifigeach Poiblí Ainmnithe ar mian leis freastal ar sheisiún faisnéise ar an Acht, ba cheart dó spéis a chlárú ach ríomhphost a chur chuig info@lobbying.ie

Arna hAthbhreithniú in Eanáir 2016

# Aguisín: Dea-Chleachtais do Bhaill d'Údaráis Áitiúla

- Bí eolach ar na rialacha agus tú ag bualadh le brústocairí
  - Bí eolach ar an Acht agus ar na treoirlínte
- Déan cinneadh ar cé acu ba cheart nó nár cheart do ghrúpaí oibre a nglacann tú páirt iontu oibriú faoin gCód Trédhearcachta
- Déan tú féin a aithint mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe
  - Cruinnithe, Ríomhphoist, Cártaí gnó, eile?
- Coinnigh dea-ghnásanna coimeád taifead
- Seiceáil an clár ó am go chéile agus iarr go gceartófar aon fhaisnéis mhíchruinn
- Treoraigh na daoine atá ag déanamh brústocaireacht ort chuig www.lobbying.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise faoina gcuid oibleagáidí
- Lean ar aghaidh ag dul i dteagmháil le brústocairí